An Lotto a bhuachan

Gach seachtain in Éirinn bíonn dhá chrannchur Lotto againn. Trí euro a chosnaíonn sé dhá iarracht a bheith agat. Tarraingítear seacht liathróid as 45, sé phríomhliathróid agus liathróid bónais. Má mheaitseálann tú gach ceann de na sé liathróid, buann tú an pota óir. Bíonn duaiseanna difriúla ar fáil do dhreasanna difriúla liathróidí, mar shampla, buafaidh tú cúig euro má mheaitseálann tú aon trí liathróid as na sé príomhliathróid.

Smaoinigh ar dhóchúlacht na rudaí seo a leanas:
Cad í an dóchúlacht go dtarraingeoidh tú liathróid uimhir 5?
Cad í an dóchúlacht go dtarraingeoidh tú liathróid le ré-uimhir? An bhfuil sé chomh dóchúil céanna go dtarraingeoidh tú liathróid le corruimhir?
Cad í an dóchúlacht go dtarraingeoidh tú liathróid ar a bhfuil digit de 1? An mó an seans go dtarraingeoidh tú liathróid ar uimhir chearnach í nó uimhir ar uimhir phríomha í?

Is minic a mheastar gur uimhir mhí-ádhúil í uimhir a trí déag. Cad é do mheas féin? Féach an tábla thíos. Taispeánann an tábla minicíocht na liathróidí éagsúla go dtí seo. Cérbh iad na cúig uimhir ba mhinice a tarraingíodh? Cérbh iad na cúig uimhir ab annaimhe a tarraingíodh? Bunaithe ar na figiúirí sa tábla an dóigh leat gur uimhir mhí-ádhúil í uimhir a trí déag? Dá mbeadh an Lotto á dhéanamh agat féin, cad iad na sé uimhir a roghnófá, agus cén fáth?

1=52	2=59	3=67	4=55	5=53	6=49	7=52	8=50	9=57
10=53	11=50	12=52	13=69	14=40	15=61	16=43	17=55	18=53
19=50	20=53	21=57	22=51	23=56	24=52	25=33	26=53	27=61
28=54	29=52	30=48	31=51	32=64	33=44	34=49	35=52	36=62
37=55	38=60	39=68	40=54	41=48	42=48	43=37	44=62	45=50



Is féidir an cluiche thall a imirt go hidirghníomhach ag www.bbc.co.uk/education/mathsfile/shockwave/games/fish.html Scrúdaíonn sé an t-eolas atá agat ar dhóchúlacht agus ar conas codáin choibhéiseacha a úsáid go héifeachtach. Féach an féidir leat gach ceann de na trí leibhéal a chríochnú gan aon bhotún. B'fhéidir go mbuafaidh tú duais.